TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
PIKAMÄE
arna tabhairt an 26 Deireadh Fómhair 2023[1]

**Cásanna uamtha C-554/21, C-622/21 agus C-727/21**

**Financijska agencija**
**v**
**HANN-INVEST d.o.o. (C-554/21)**
**agus**
**Financijska agencija**
**v**
**MINERAL-SEKULINE d.o.o. (C-622/21)**
**agus**
**UDRUGA KHL MEDVEŠČAK ZAGREB (C-727/21)**

(Iarraidh ar réamhrialú ó Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála, an Chróit))

(Tarchur chun réamhrialú – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Smacht Reachta – Cosaint éifeachtach bhreithiúnach sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Dlínse na Cúirte – Inghlacthacht – Léiriú atá ag teastáil chun go mbeidh an chúirt a rinne an tarchur in ann breithiúnas a thabhairt – Sásra inmheánach chun comhsheasmhacht chásdlí na cúirte dara céime a áirithiú – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh – Ceanglais maidir le rochtain ar chúirt arna bunú le dlí agus triail chóir)

1. Nuair a chuirtear in iúl gurb é an cásdlí foinse an dlí, tagann fairsinge agus castacht iomlán freagrachtaí cúirte chun cinn, ag tacú le ceanglais chontrártha, ag cinntiú deimhneacht dhlíthiúil agus nuálaíocht a dhéanamh d'fhonn an dlí a oiriúnú d'fhorbairtí amach anseo a rialóidh sí. Ardaíodh an cheist, mar is ceart, sa litríocht dlí freisin: "Quelle part d'insécurité un système juridique peut-il supporter?" (Cé mhéad éiginnteacht an féidir le córas dlí a sheasamh?)[2].

2. Má thugtar freagra dearfach ar an gceist maidir le hinghlacthacht na n-iarrataí ar réamhrialú, tugann na cásanna reatha deis don Chúirt cothromaíocht a bhaint amach idir na ceanglais thuasluaite agus measúnú á dhéanamh ar chomhoiriúnacht sásra nós imeachta inmheánaigh atá ceaptha chun comhsheasmhacht cásdlí cúirte a áirithiú, measúnú a éilíonn neamhspleáchas breithiúnach a chur san áireamh.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Huglo, J-G., "Le principe de sécurité juridique", *Cahier du Conseil constitutionnel*, Uimh. 11, Nollaig 2001.

## I. An dlí lena mbaineann

### *A. Dlí an Aontais Eorpaigh*

3. Tá Airteagal 19(1) CAE ábhartha sa chás seo.

### *B. Dlí na Cróite*

4. Foráiltear le hAirteagal 37 den Zakon o sudovima (Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha) (Narodne novine, br. 28/13, 33/15, 82/15, 82/16, 67/18, 126/19, 130/20) an méid seo a leanas:

"1. Bunóidh cúirteanna a bhfuil roinnt dlísheomraí nó foirmíochtaí acu, lena n-áirítear cúirteanna a bhfuil breitheamh aonair acu, a rialaíonn ábhair a bhaineann le réimse gaolmhar amháin nó níos mó den dlí, rannóga a chruthú a bheidh comhdhéanta de na breithiúna a rialóidh ar na hábhair sin.

"2. Bunófar an rannóg tríd an gclár bliantúil chun breithiúna a shannadh, clár a cheapfaidh uachtarán na rannóige chun obair na rannóige a dhéanamh".

5. Foráiltear le hAirteagal 38 den Dlí sin mar seo a leanas:

"1. Pléitear sna cruinnithe rannóige saincheisteanna a bhaineann le hobair na rannóige, go háirithe, eagrú na gníomhaíochta inmheánaí, saincheisteanna dlí atá faoi chonspóid, comhchuibhiú cásdlí agus saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na rialacha i ngach réimse dlí, agus faireachán ar obair agus oiliúint breithiúna, na gcomhairleoirí dlí agus breithiúna faoi oiliúint a shanntar don rannóg.

"2. Ag cruinnithe rannóg Županijski sud (an Chúirt Chontae), den Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), den Visoki upravni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Riaracháin), den Visoki kazneni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Choiriúil) agus de chuid Visoki prekršajni sud Republike Hrvatske (an Ard-Chúirt Oilghnímh), scrúdófar freisin ábhair leasa choitinn do na cúirteanna íochtaracha i ndlínse na gcúirteanna sin.

"3. Tá cruinnithe na rannóige den Vrhovni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Uachtarach) dírithe ar shaincheisteanna leasa choitinn a scrúdú do roinnt cúirteanna nó do gach cúirt i gcríoch Phoblacht na Cróite agus do thuairim ar dhréachtrialacháin i réimse áirithe dlí a scrúdú agus a fhoirmliú".

6. Foráiltear le hAirteagal 39 den Dlí sin don mhéid seo a leanas:

"1. Déanfaidh uachtarán na rannóige, nó uachtarán na cúirte, cruinniú rannóige a chomóradh aon uair is gá agus uair amháin gach trí mhí ar a laghad; ordóidh sé nó sí a chuid oibre. I gcás ina nglacfaidh uachtarán na cúirte páirt in obair cruinnithe rannóige, déanfaidh sé nó sí cathaoirleacht ar an gcruinniú agus glacfaidh sé nó sí páirt sa phróiseas cinnteoireachta.

2. Ní mór cruinniú de gach breitheamh den chúirt a thionól ar iarratas ó rannóg den chúirt nó ón gceathrú cuid de na breithiúna ar fad.

3. Ag cruinnithe de bhreithiúna na cúirte nó na rannóige, is trí thromlach vótaí na mbreithiúna nó bhreithiúna na rannóige a dhéanfar cinntí.

4. Tógfar miontuairiscí ar obair an chruinnithe.

5. Féadfaidh uachtarán na cúirte nó na rannóige cuireadh a thabhairt freisin d'eolaithe oirirce agus do shaineolaithe i réimse sonrach dlí páirt a ghlacadh i gcruinniú na mbreithiúna uile nó na rannóige."

7. Foráiltear le hAirteagal 40 den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha mar seo a leanas:

"1. Comórfar cruinniú den rannóg nó de bhreithiúna i gcás ina gcinnfear go bhfuil difríochtaí léirithe idir rannóg, dlísheomraí nó breithiúna maidir le ceisteanna a bhaineann le feidhmiú an dlí nó i gcás ina n-imíonn dlísheomra nó breitheamh de chuid ón seasamh dlí a glacadh roimhe sin.

"2. Beidh an seasamh dlíthiúil a ghlacfar ag cruinniú na mbreithiúna go léir nó ag cruinniú rannóige den Vrhovni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Uachtarach), den Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), den Visoki Upravni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Riaracháin), den Visoki kazneni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Choiriúil), den Visoki prekršajni sud Republike Hrvatske (an Ard-Chúirt Oilghnímh) agus de chruinniú rannóige de Županijski sud (an Chúirt Chontae) ina cheangal ar na dlísheomraí nó na breithiúna dara céime sa rannóg sin nó sa chúirt sin.

"3. Féadfaidh uachtarán rannóige, i gcás inarb iomchuí, cuireadh a thabhairt d'ollúna dlí ollscoile, d'eolaithe oirirce nó do shaineolaithe i réimse sonrach den cheart páirt a ghlacadh sa chruinniú rannóige."

8. Foráiltear in Airteagal 41 den Dlí sin mar seo a leanas:

"1. Ceapfaidh uachtarán na cúirte, sa sceideal bliantúil chun breithiúna a shannadh, breitheamh amháin nó níos mó a bheidh freagrach as faireachán agus scrúdú a dhéanamh ar chásdlí […]"

9. Foráiltear le hAirteagal 177(3) den Sudski poslovnik (Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna) (Narodne novine, br. 37/14, 49/14, 8/15, 35/15, 123/15, 45/16, 29/17, 33/17, 34/17, 57/17, 101/18, 119/18, 81/19, 128/19, 39/20 agus 47/20) mar seo a leanas:

"'Measfar cás os comhair cúirt dara céime a bheith dúnta ar an dáta a sheolfar an cinneadh ó oifig na cúirte, tar éis don tSeirbhís um Fhaireachán agus um Chlárú Cásdlí an cás a chur ar ais. Ceanglófar ar an tSeirbhís um Fhaireachán agus um Chlárú Cásdlí an comhad a chur ar ais chuig oifig na cúirte a luaithe agus is féidir tar éis í a fháil. Cuirfear an cinneadh in iúl ansin laistigh de thréimhse bhreise ocht lá".

## II. Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

10. Tugadh trí achomharc os comhair Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), an chúirt a rinne an tarchur sna cásanna sna príomhimeachtaí. I gCásanna C-554/21 agus C-622/21, baineann na hachomhairc le horduithe lena ndíbhítear an

t-iarratas ó Financijska agencija (Gníomhaireacht Airgeadais) ar aisíocaíocht na gcostas a bhaineann lena rannpháirtíocht in imeachtaí dócmhainneachta. I gCás C-727/21, baineann an t-achomharc le hordú lena ndéantar iarratas an achomharcóra sna príomhimeachtaí a dhíbhe chun imeachtaí riaracháin faoi mhaoirseacht chúirte a thionscnamh.

11. Sna trí chás sin, rinne an chúirt a rinne an tarchur, ina suí mar phainéil bhreithiúnacha de thriúr breithiúna, scrúdú ar na hachomhairc agus dhíbh sí iad le haontoilíocht a comhaltaí, agus ar an gcaoi sin seasfaidh sí leis na cinntí ag an gcéad chéim. Síníodh cinntí na bpainéal sin agus cuireadh ar aghaidh iad ansin chuig an tSeirbhís um Fhaireachán agus um Chlárú Cásdlí, i gcomhréir le hAirteagal 177(3) de Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna.

12. De réir na forála sin, agus mar a mhínigh an chúirt a rinne an tarchur, i gcás a ndéantar breithniú air ag an dara céim, ní mheastar cúram na cúirte a bheith críochnaithe ach amháin nuair a chláraíonn an tSeirbhís um Fhaireachán agus um Chlárú Cásdlí an cás agus ansin cuirtear ar ais chuig an bpainéal breithiúnach é chun an cinneadh a sheoladh chuig na páirtithe. Is ar an dáta seolta amháin a mheastar an cás a bheith dúnta. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an cinneadh breithiúnach tugtha chun críche, in ainneoin go bhfuil sé glactha ag painéal breithiúnach, ach amháin nuair a dhearbhaíonn breitheamh ón tseirbhís sin é ("breitheamh na gclárúchán"), a cheapann uachtarán na cúirte lena mbaineann, ina cháil nó ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as riarachán breithiúnach, faoin sceideal bliantúil chun breithiúna a shannadh. Ní fhoráiltear don nós imeachta sin sa dlí mar choinníoll chun cinneadh breithiúnach a ghlacadh, ach is cleachtas é de chuid na gcúirteanna dara céime bunaithe ar Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna.

13. Áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, sna trí chás sna príomhimeachtaí, gur dhiúltaigh breitheamh na gclárúchán na cinntí a glacadh a chlárú agus gur chuir siad ar ais iad in éineacht le litir thacaíochta. I gCásanna C-554/21 agus C-622/21, tagraíonn an litir sin do choinbhleacht le cinntí eile a bhain le díospóidí comhchosúla a chinneadh, agus i gCás C-727/21 cuirtear in iúl sa litir nach n-aontaíonn an breitheamh leis an léiriú dlíthiúil a ghlac an dlísheomra sna príomhimeachtaí, gan aon tagairt a dhéanamh d'aon chásdlí contrártha.

14. Tar éis diúltú na cinntí sin a chlárú, chinn an chúirt a rinne an tarchur, i gCásanna C-554/21 agus C-622/21, tarchur a dhéanamh don Chúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú i bhfianaise na n-amhras a ardaíodh maidir le comhoiriúnacht Airteagal 177(3) de Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna le dlí an Aontais Eorpaigh. I gCás C-727/21, tar éis don chúirt a rinne an tarchur a cinneadh bunaidh a choimeád agus é a tharchur ar ais chuig an mbreitheamh clárúcháin, chuir an breitheamh clárúcháin ar aghaidh é chuig an Rannán Tráchtála agus Dlíthíochta Eile den chúirt a rinne an tarchur ionas go bhféadfaí an tsaincheist dhlíthiúil atá i gceist a scrúdú ag cruinniú rannóige. Ag a cruinniú, ghlac an rannóg sin "seasamh dlíthiúil" inar choinnigh sí an réiteach a raibh an breitheamh clárúcháin i bhfabhar leis. Ina dhiaidh sin, cuireadh an cás ar ais chuig an dlísheomra le haghaidh rialaithe, de bhun Airteagal 40(2) den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, i gcomhréir leis an "seasamh dlíthiúil" sin, staid as ar eascair an t-ordú tagartha i gCás C-727/21.

15. I bhfianaise na bpríomhimeachtaí, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh breitheamh na gclárúchán, nach eol do na páirtithe, nach bhforáiltear dá ról sna rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le hachomhairc agus atá in ann, cé nach cúirt níos airde é, dlísheomra a bhfuil dlínse aige a chinneadh a athrú, a bheith ag sárú an cheanglais maidir le neamhspleáchas breithiúnach trí bhíthin a chuid nó a cuid gníomhartha. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl go raibh údar leis an gcineál sin de chlárú cinntí breithiúnacha a bheith

ann, go dtí seo, mar gheall ar an ngá atá le cásdlí a chomhchuibhiú. Mar sin féin, tá an chaoi a dtéann an tseirbhís clárúcháin sin ar aghaidh tar éis cinneadh breithiúnach a ghlacadh, tá sé contrártha, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, leis an gceart bunúsach maidir le neamhspleáchas breithiúnach, a mhéid a roghnaíonn an tseirbhís sin féin na cinntí a chuirfidh an chúirt chuig na páirtithe.

16. Thairis sin, i gCás C-727/21, maidir le cruinnithe rannóige cúirte, deir an chúirt a rinne an tarchur gur comhlacht é sin nach bhforáiltear dó sa Chód um Nós Imeachta Sibhialta agus gurb iad breithiúna agus uachtaráin na rannóige, agus iadsan amháin, a chinneann na míreanna ar an gclár oibre do na cruinnithe sin. Níl eolas ar bith ag na páirtithe sna himeachtaí éagsúla ar fheidhm an chruinnithe sin agus ní féidir leo páirt a ghlacadh ann. Ní féidir cinneadh painéil bhreithiúnaigh a scrúdú ná a athrú ach amháin tar éis caingean a bheith tionscanta ag na páirtithe os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici i gcomhthéacs imeachtaí dlíthiúla a bhfuil na páirtithe ar an eolas fúthu agus ní mar thoradh ar thuairim breithimh nach bhfuil mar chuid den phainéal sin nó mar thoradh ar chruinniú ginearálta breithiúna.

17. Sna himthosca sin, chinn Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), i ngach ceann de na trí chás uamtha, bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"1. An bhfuil an riail a leagtar síos sa dara cuid den chéad abairt agus sa dara habairt d'Airteagal 177(3) de [Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna], lena bhforáiltear go "measfar cás os comhair cúirt dara céime a bheith dúnta ar an dáta a sheolfar an cinneadh ó oifig na cúirte, tar éis don tSeirbhís Clárúcháin an cás a chur ar ais[;] go gceanglófar ar an tSeirbhís Clárúcháin an comhad a chur ar ais chuig oifig na cúirte a luaithe agus is féidir tar éis di é a fháil[;] cuirfear an cinneadh in iúl ansin laistigh de thréimhse bhreise ocht lá", i gcomhréir le hAirteagal 19(1) CAE agus le hAirteagal 47 den (Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)?"

18. Ina theannta sin, i gCás C-727/21, chinn Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála) an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"2. An bhfuil Airteagal 40(2) den (Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha), lena bhforáiltear go bhfuil "an seasamh dlíthiúil a glacadh ag cruinniú na mbreithiúna go léir nó cuid de Vrhovni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Uachtarach), de Visoki trgovački ag Republike Hrvatske (an Chúirt Tráchtála Achomhairc), den Visoki Upravni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Riaracháin), den Visoki kazneni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Choiriúil), den Visoki prekršajni sud Republike Hrvatske (an Ard-Chúirt Oilghnímh) agus den chruinniú rannóige de Županijski sud (an Chúirt Chontae) na dlísheomraí nó na breithiúna ag an dara céim den rannóg sin nó den chúirt sin", atá comhoiriúnach le hAirteagal 19(1) CAE agus le hAirteagal 47 den (Chairt)?"

## III. An nós imeachta os comhair na Cúirte

19. Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 14 Márta 2022, ceanglaíodh Cásanna C-554/21, C-622/21 agus C-727/21 don nós imeachta i scríbhinn agus ó bhéal agus don bhreithiúnas.

20. Chuir Rialtas na Cróite agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach i gCásanna C-554/21, C-622/21 agus C-727/21. Chuir an t-achomharcóir tuairimí i scríbhinn isteach sna príomhimeachtaí i gCás C-554/21. Thíolaic Rialtas na Cróite agus an Coimisiún argóint ó bhéal ag éisteacht an 5 Meitheamh 2023.

## IV. Anailís

21. Mar is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú, measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór di léiriú a fháil ón gCúirt ar Airteagal 19(1) CAE agus ar Airteagal 47 den Chairt i bhfianaise an amhrais atá uirthi an bhfuil Airteagal 177(3) de Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna agus Airteagal 40(2) den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, lena rialaítear an próiseas cinnteoireachta i gcúirteanna dara céime na Cróite, i gcomhréir leis na forálacha sin de dhlí an Aontais Eorpaigh.

22. Cé nach ndearna aon cheann de na páirtithe barúlacha maidir le dlínse na Cúirte agus le hinghlacthacht na n-iarrataí sin ar réamhrialú, tá sé tábhachtach a mheabhrú nach mór don Chúirt féin, de réir cásdlí socair, scrúdú a dhéanamh ar na himthosca ina dtarchuireann an chúirt náisiúnta cásanna chun a mheas an bhfuil dlínse aici nó an bhfuil an iarraidh a cuireadh faoina bráid inghlactha [3].

### *A. Dlínse na Cúirte*

23. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs tagartha le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, nach bhféadfaidh an Chúirt dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú ach amháin laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar di [4].

24. Ar an gcéad dul síos, maidir le cur i bhfeidhm an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ba cheart a mheabhrú, faoin bhforáil sin, go bhfuil na Ballstáit le leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do dhaoine aonair sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé foráil a dhéanamh maidir le córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlíthiúla lena n-áiritheofar athbhreithniú breithiúnach éifeachtach sna réimsí sin. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé córas leigheasanna agus nósanna imeachta a chur ar fáil chun athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí sin. Eascraíonn sé as cásdlí na Cúirte, maidir le raon feidhme an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go dtagraíonn an fhoráil sin do na "réimsí atá folaithe le dlí an Aontais", beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme ag na Ballstáit de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt [5].

25. Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go háirithe, maidir le haon chomhlacht náisiúnta ar féidir leis rialú, mar chúirt nó mar bhinse, ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh agus a thagann, dá bhrí sin, faoi na réimsí atá folaithe leis an dlí sin. Is fíor sin i gcás na cúirte a rinne an tarchur, ar féidir a iarraidh uirthi, ina cáil mar ghnáthchúirt de chuid na Cróite, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le

[3] Breithiúnas an 22 Márta 2022, Prokurator Generalny agus páirtithe eile (Dlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán) (C-508/19 EU:C:2022:201, mír 59).

[4] Féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 77).

[5] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny* (C-558/18 agus C-563/18), "breithiúnas an *Miasto Łowicz*", EU:C:2020:234, míreanna 32 agus 33.

dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm nó a léiriú agus, mar "chúirt nó binse" de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh, tá sé ina chuid de chóras breithiúnach na Cróite sna "réimsí atá folaithe le dlí an Aontais[6]", de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ionas go mbeidh ar an gcúirt sin ceanglais maidir le cosaint éifeachtach bhreithiúnach a chomhlíonadh. Thairis sin, ba cheart a mheabhrú, cé go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit faoi inniúlacht na mBallstát sin, gurb amhlaidh, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, go gceanglaítear ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh[7].

26. Leanann sé as an méid sin, sna cásanna seo, go bhfuil dlínse ag an gCúirt an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú.

27. Ar an dara dul síos, sainmhínítear raon feidhme na Cairte, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht na mBallstát, in Airteagal 51(1) di, ar dá réir a dhírítear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit agus dlí an Aontais Eorpaigh á chur chun feidhme acu. Leis an bhforáil sin, daingnítear cásdlí socraithe na Cúirte, ina sonraítear go bhfuil na cearta bunúsacha a ráthaítear i ndlíchóras an Aontais Eorpaigh infheidhme i ngach cás a rialaítear le dlí an Aontais Eorpaigh, ach nach bhfuil siad lasmuigh de chásanna den sórt sin. Mar is léir ó chásdlí socair na Cúirte, nuair nach dtagann staid dhlíthiúil faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh, níl dlínse ag an gCúirt rialú air agus ní féidir le haon fhorálacha den Chairt a bhfuiltear ag brath orthu, astu féin, a bheith mar bhunús le dlínse den sórt sin[8].

28. Sa chás seo, go sonrach, maidir le hAirteagal 47 den Chairt, atá ina ábhar do na hiarrataí ar réamhrialú idir lámha, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann na díospóidí os comhair na cúirte a rinne an tarchur, go bunúsach, le haisíoc na gcostas a thabhaigh comhlacht poiblí tar éis dó a bheith páirteach in imeachtaí dócmhainneachta agus le bailíocht cinnidh ag an gcéad chéim lena ndiúltaítear d'iarratas comhlachais, arna bhunú i Ságrab (an Chróit), chun imeachtaí riaracháin faoi mhaoirseacht chúirte a thionscnamh. Maidir le réimse na n-imeachtaí dócmhainneachta go sonrach, is comhthuiscint é gur ghlac reachtas an Aontais Eorpaigh bearta éagsúla a bhaineann leis an réimse sin[9]. Mar sin féin, ní dhéanann an chúirt a rinne an tarchur aon tagairt d'aon fhoráil de dhlí an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an réimse sin atá infheidhme maidir leis na díospóidí atá i gceist agus nach gcuireann aon fhianaise ar aghaidh a thugann le tuiscint go dtagann na cásanna sna príomhimeachtaí, a ndéantar tagairt dóibh go gonta sna horduithe tarchuir, faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh. Ní mór a chur in iúl go dtuigtear, le haitheantas a thabhairt don cheart chun leighis éifeachtaigh a chumhdaítear in

6 De réir na faisnéise a chuir an Coimisiún ar fáil, éisteann agus socraíonn an Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), mar chúirt dara céime, i measc nithe eile, díospóidí tráchtála agus díospóidí a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, dlí na maoine intleachtúla, agus aerárthaí agus longa. De réir Airteagail 21 agus 24 den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, éisteann an chúirt a rinne an tarchur le hachomhairc a dhéantar i gcoinne chinntí na gcúirteanna tráchtála, a rialaíonn iarratais ar imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh agus imeachtaí riaracháin faoi mhaoirseacht na cúirte a sheoladh.

7 Féach, chuige sin, *Miasto Łowicz* (míreanna 34 go 36).

8 Breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 78), agus an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson* (C-617/10, EU:C:2013:105, mír 22).

9 Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO 2015 L 141, lch. 19) agus Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO 2019 L 172, lch. 18). Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an rialachán sin le himeachtaí dócmhainneachta trasteorann agus go ndíríonn sé ar réiteach coinbhleachtaí dlínse agus dlí in imeachtaí dócmhainneachta trasteorann agus go n-áirithíonn sé aitheantas do chinntí dócmhainneachta breithiúnacha ar fud an Aontais Eorpaigh. Ní chomhchuibhíonn sé dlí na mBallstát dócmhainneachta substainteach. Tá Treoir 2019/1023 gan dochar do raon feidhme Rialachán 2015/848 ach tá sé mar aidhm aici í a chomhlánú trí íoschaighdeáin shubstainteacha a bhunú le haghaidh nósanna imeachta um athstruchtúrú coisctheach agus le haghaidh nósanna imeachta as a dtiocfaidh urscaoileadh fiachais d'fhiontraithe (aithrisí 12 agus 13).

Airteagal 47 den Chairt, i gcás ar leith, go bhfuil an duine a bhfuil an ceart sin á agairt aige ag brath ar chearta nó ar shaoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní léir ó na horduithe tagartha, áfach, go raibh na hachomharcóirí sna príomhimeachtaí ag brath ar cheart a tugadh dóibh le foráil de dhlí an Aontais Eorpaigh [10].

29. Leanann sé as an méid sin nach bhfuil aon rud le léiriú go mbaineann na díospóidí sna príomhimeachtaí le léiriú nó cur i bhfeidhm riail dhlí an Aontais Eorpaigh a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, níl dlínse ag an gCúirt Airteagal 47 den Chairt a léiriú sna cásanna seo.

### *B. Inghlacthacht na n-iarrataí ar réamhrialú*

30. Is cosúil go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an tsaincheist seo i bhfianaise raon feidhme an-leathan an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar atá léirmhínithe ag an gCúirt, agus ag féachaint do dhlínse chomhfhreagrach na Cúirte [11]. Ó glacadh an breithiúnas in *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* [12], fuair an Chúirt roinnt tarchur chun réamhrialú ina n-iarrtar léiriú ar an bhforáil sin i raon leathan cásanna, roinnt acu a nochtann sáruithe tromchúiseacha ar an smacht reachta agus, go háirithe, sáruithe tromchúiseacha ar neamhspleáchas breithiúnach, agus roinnt eile a bhaineann leis an tsaincheist maidir le mainneachtain breitheamh a chur chun cinn, grádú an bhreithimh ar an scála tuarastail, na rialacha lena rialaítear leithdháileadh cásanna laistigh de chúirt, stádas sínitheora do chosaint nó an tráth a thugtar breithiúnas, nach bhfuil aon nasc soiléir acu le hábhar na díospóide sna príomhimeachtaí [13]. Dealraíonn sé, sa chomhthéacs sin, gurb í déine an mheasúnaithe inghlacthachta an t-aon teorainn amháin is féidir a chur le scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ar réamhrialuithe atá contrártha le spiorad agus cuspóir an leighis dhlíthiúil sin, eadhon go ndéanfadh an Chúirt agus an chúirt náisiúnta, i gcomhréir lena ndlínsí faoi seach, réiteach ar an díospóid shonrach os comhair na cúirte náisiúnta a chomhthógáil.

31. I bhfianaise chásdlí ábhartha na Cúirte agus, go háirithe, a léiriú comhdhlúite sa bhreithiúnas in *Miasto Łowicz*, tá sé tábhachtach a chur in iúl gur ionstraim chomhair é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, trína gcuireann an Chúirt ar fáil do na cúirteanna náisiúnta na pointí maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh atá de dhíth orthu chun na díospóidí os a gcomhair a chinneadh, agus nach é an bonn cirt atá le tarchur le haghaidh réamhrialú go gcumasaíonn sí tuairimí comhairleacha ar cheisteanna ginearálta nó hipitéiseacha a sheachadadh ach go bhfuil sé riachtanach chun díospóid a réiteach go héifeachtach. Is léir ó fhoclaíocht iarbhír Airteagal 267 CFAE nach mór don chinneadh maidir leis an gceist a tharchuirtear chun réamhrialú a bheith "riachtanach" chun go mbeidh an chúirt a rinne an tarchur in ann "breithiúnas a thabhairt" sa chás os a comhair. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt arís agus arís eile gur léir ó fhoclaíocht agus ó scéim Airteagal 267 CFAE araon nach bhfuil sé de chumhacht ag cúirt nó binse náisiúnta ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte trí iarraidh ar réamhrialú mura bhfuil cás ar feitheamh os a comhair ina n-iarrtar uirthi

[10] Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 34 agus 35).

[11] I bhfianaise chorpas dlí an Aontais Eorpaigh atá níos torthúla ná riamh a ionchorprú i ndlíchóras na mBallstát agus i bhfianaise chúram na cúirte náisiúnta, mar ghnáthchúirt de chuid an Aontais Eorpaigh, a áirithiú go gcuirfear rialacha dhlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go héifeachtach, ba cheart, i mo thuairimse, an critéar maidir le cur i bhfeidhm an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, eadhon gur faoin gcúirt náisiúnta amháin atá sé rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh, ba cheart, i mo thuairimse, é a shásamh beagnach ar ndóigh.

[12] Breithiúnas an 27 Feabhra 2018 (C-64/16, EU:C:2018:117.

[13] I gcásanna áirithe, is cosúil, i mo thuairimse, nach bhfuil sa tarchur chun réamhrialú ach leithscéal nós imeachta a úsáideann an chúirt a rinne an tarchur chun cur os comhair na Cúirte, díreach tríd an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a agairt, a míshástacht le feidhmiú an chórais bhreithiúnaigh náisiúnta agus/nó a cháineadh.

cinneadh a thabhairt atá in ann an réamhrialú a chur san áireamh. In imeachtaí réamhrialaithe, is é feidhm na Cúirte cabhrú leis an gcúirt a rinne an tarchur an díospóid shonrach atá ar feitheamh os comhair na cúirte sin a réiteach. Dá bhrí sin, in imeachtaí den sórt sin, ní mór nascfhachtóir a bheith ann idir an díospóid sin agus na forálacha de dhlí an Aontais a bhfuil léiriú á lorg ina leith, ar dá bhua a cheanglaítear an léiriú sin go hoibiachtúil le go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur an cinneadh a dhéanamh [14].

32. Is léir ón mbreithiúnas in *Miasto Łowicz* go bhféadfadh nascfhachtóir a bheith díreach nó indíreach, ar bhonn na dtrí chás inghlacthachta a leagtar amach sa bhreithiúnas sin. Is go díreach a cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm a bhfuiltear ag iarraidh léiriú a dhéanamh air chun an réiteach substainteach atá le tabhairt ar an bpríomhdhíospóid a chinneadh (an chéad chás). Tá sé indíreach i gcás inar féidir leis an ordú tagartha léiriú a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur ar fhorálacha nós imeachta dhlí an Aontais Eorpaigh a cheanglaítear uirthi a chur i bhfeidhm chun breithiúnas a thabhairt (an dara cás) nó léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a chuirfeadh ar a cumas ceisteanna nós imeachta faoin dlí náisiúnta os a comhair a réiteach, sula mbeidh sí in ann rialú ar shubstaint na díospóide os a comhair (an tríú cás) [15].

33. Mar a luaitear thuas, tá baint shubstainteach ag na díospóidí sna príomhimeachtaí le dlí an Aontais Eorpaigh maidir le himeachtaí dócmhainneachta, cé nach n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur aon léiriú ar aon fhoráil den chomhlacht dlí sin ag an gCúirt, rud a fhágann gur léir nach leor an nasc sin chun an critéar riachtanais a chomhlíonadh. Thairis sin, ní thaispeánann na tagairtí do réamhrialú go n-iarrfaí ar an gcúirt náisiúnta an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, lena mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear, a chur i bhfeidhm, chun an réiteach *substainteach* atá le forchoimeád do na díospóidí sin a chinneadh maidir le hualach na gcostas nó leis na coinníollacha chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh.

34. Dealraíonn sé, i ndáiríre, go bhfuil soiléiriú á lorg ag an gcúirt a rinne an tarchur, ag na ceisteanna a tharchuirtear chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú agus ag an léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a iarrann sí, ní ar shubstaint na ndíospóidí os a comhair ach ar cheist nós imeachta, go ginearálta [16], den dlí náisiúnta a bheidh le cinneadh *in limine litis*, a mhéid a bhaineann an cheist sin le cumhacht na cúirte a rinne an tarchur rialú a dhéanamh ar na díospóidí sin a bhfuil neamhspleáchas iomlán acu faoi chuimsiú sásra inmheánaigh lena bhféachtar le comhsheasmhacht chásdlí na cúirte sin a áirithiú agus lena mbaineann comhlachtaí breithiúnacha eile. Leag an chúirt a rinne an tarchur amach go leordhóthanach na cúiseanna a spreag í sa chás seo chun fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, go háirithe, maidir leis an gcaidreamh a mheasann sí a bheith aici idir an fhoráil sin den Chonradh agus na forálacha náisiúnta, ina thuairim, tionchar a bheith acu ar an bpróiseas breithiúnach sula dtabharfar a breithiúnais. De réir na cúirte a rinne an tarchur, is le freagairt na Cúirte maidir le comhoiriúnacht an tsásra thuasluaite le dlí an Aontais Eorpaigh a chinnfear cé acu atá nó nach bhfuil an chúirt a rinne an tarchur in ann imeacht ó na seasaimh dhlíthiúla a ghlac an rannóg de bhreithiúna lena mbaineann i ndáil leis na díospóidí sna príomhimeachtaí.

[14] Breithiúnas an *Miasto Łowicz* (míreanna 44 go 46 agus 48).

[15] Féach breithiúnas an *Miasto Łowicz* (míreanna 49 go 51).

[16] Is leor, i mo thuairimse, a mheabhrú go bhfuil tionchar cinntitheach ag an sásra um chomhchuibhiú an chásdlí atá i gceist ar an bpróiseas cinnteoireachta le linn chéim an phlé laistigh den chúirt a rinne an tarchur, agus nach mbaineann na forálacha atá i gceist le Cód Nós Imeachta Sibhialta na Cróite.

35. Mar sin féin, ní athraíonn na breithnithe sin ábhar na ndíospóidí sin ar bhealach ar bith ná an tuairim níos luaithe nach léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go mbaineann siad le ceisteanna faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go bhféadfadh léiriú na Cúirte ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ag féachaint do chineál na saincheisteanna nós imeachta a ardaíodh sna hiarrataí ar réamhrialú, tionchar a imirt ar an gcaoi a gcinnfidh an chúirt a tharchuir na díospóidí sna príomhimeachtaí, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil sé riachtanach díospóidí a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh a réiteach go substainteach.

36. An gcaithfear an Chúirt, dá bhrí sin, na ceisteanna a tharchuireann an chúirt náisiúnta a fhreagairt ag a bhfuil gá iarbhír chun a chumasú di réiteach a fháil, *in limine litis*, ar shaincheist náisiúnta nós imeachta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aici ar oibleagáid na mBallstát faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, sula dtabharfaidh sí breithiúnas maidir le substaint díospóidí nach bhfuil aon bhaint acu le dlí an Aontais Eorpaigh? Ceist íogair í seo, i mo thuairim.

37. Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, sa bhreithiúnas *Miasto Łowicz*, go ndearna an Chúirt scrúdú, ina dhiaidh sin, ar inghlacthacht na gceisteanna a tarchuireadh i bhfianaise trí chás ar leith agus uathrialacha a shásaigh an critéar riachtanais agus tháinig sí ar an gconclúid go raibh na ceisteanna sin neamh-inghlactha, agus béim á leagan aici, maidir leis an tríú cás, ar an difríocht idir na cásanna is cúis leis an mbreithiúnas in *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*[17], ina raibh an léiriú a iarradh ón gCúirt de chineál a mbeadh baint aige leis an tsaincheist chun a chinneadh cén chúirt a raibh dlínse aici chun díospóidí a réiteach "a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh"[18].

38. Ar an dara dul síos, ní chiallaíonn foirmliú an tríú cás inghlacthachta, sa bhreithiúnas *Miasto Łowicz*, sa bhreis ar an gcás is gnách a bheith ann maidir le nasc substainteach díreach idir an díospóid sna príomhimeachtaí agus dlí an Aontais Eorpaigh, nach mór a thuiscint gur gá an cás sin a thuiscint, chun go gciallódh sé go mbeadh feidhm aige maidir le cás nach ann do cheangal den sórt sin ina leith. Go deimhin, is gá an réimse leathan tarchur le haghaidh réamhrialú a chur san áireamh agus anailís a dhéanamh i bhfianaise gach ceiste a tharchuirtear. Féadfaidh ceisteanna a bhaineann le saincheist náisiúnta nós imeachta amháin a bheith i dtagairt do réamhrialú, mar atá sa chás seo, nó féadfaidh meascán ceisteanna de chineálacha éagsúla a bheith ann, a mbaineann cuid acu go díreach le substaint na bpríomhimeachtaí agus baineann cuid eile acu le saincheist náisiúnta nós imeachta, d'fhéadfadh go mbeadh na chéad cheisteanna sin inghlactha ach níl an dara ceann acu inghlactha[19].

39. Ar an tríú dul síos, i bhfianaise fhoclaíocht an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ina ndéantar tagairt go ginearálta do "na réimsí atá folaithe le dlí an Aontais", beag beann ar an staid ina gcuireann na Ballstáit an dlí sin chun feidhme, ní fhéadfaidh bunús dhlínse na Cúirte a bheith mar bhonn d'inghlacthacht tagairtí le haghaidh réamhrialú, toisc go measfadh sé seo dhá choincheap dhlíthiúla ar leith le chéile agus go bhfágfadh sé sin gan brí a bheith leis an gceanglas deireanach sin.

[17] Breithiúnas an 19 Samhain 2019 (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982).

[18] Breithiúnas an *Miasto Łowicz* (mír 51).

[19] Féach breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)* (C-564/19, EU:C:2021:949) a mhéid a bhaineann leis an gcéad cheist agus an dara ceist a tarchuireadh.

40. Is fíor go bhfuil neamhspleáchas breithiúnach doroinnte ó thaobh an dlí de agus, mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta Bobek [20], nach bhfuil "neamhspleáchas breithiúnach laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh seachas neamhspleáchas breithiúnach i gcásanna náisiúnta amháin". Ní bhaineann sé, áfach, leis an mbreathnóireacht a d'fhéadfadh a bheith ann, ní cheadaítear don Chúirt dul thar an gcéim ina scrúdaítear inghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear agus ar an gcaoi sin an gá atá ann a mheas an bhfuil dlí an Aontais Eorpaigh infheidhme go hiarbhír sa díospóid sna príomhimeachtaí, nach mór don chúirt a rinne an tarchur a réiteach [21].

41. Is léir go bhfuil tábhacht áirithe ag baint leis an tsaincheist a tharraing an chúirt a rinne an tarchur anuas, mar gheall ar chineál sistéamach na rialacha atá i gceist maidir leis an gcóras breithiúnach náisiúnta, agus scrúdú á dhéanamh aici, ní ar inghlacthacht ach ar an tsubstaint, is é sin le rá an bhfuil na rialacha sin ag luí le ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Tá drogall ar leith gan freagra a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur agus, dá bhrí sin, gan scrúdú a dhéanamh ar riail ná ar chleachtas a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de neamhspleáchas breithiúnach na Cróite agus a d'fhéadfadh, tríd an sásra sin a bhunú chun cásdlí a chomhchuibhiú, tionchar a imirt ar go leor córas dlí náisiúnta eile, ní fhéadfaidh sé a bheith ina fhoras, sa chás seo, le cinneadh maidir le hinghlacthacht [22].

42. Ní mór a mheas, dá bhrí sin, má ghlacann an Chúirt leis gur féidir ceist a tharchur chuici maidir le foráil de dhlí an Aontais Eorpaigh d'fhonn ceist faoin dlí náisiúnta nós imeachta a réiteach, ionas go bhféadfar na príomhimeachtaí a sheoladh i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, is d'fhonn cinneadh ón gcúirt a rinne an tarchur maidir le substaint díospóide sna príomhimeachtaí a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh, agus chuige sin amháin, atá sí. Ní mór dom a admháil, áfach, ar an bpointe deireanach sin, nach bhfuil aonchineálacht ag baint le cásdlí na Cúirte tar éis bhreithiúnais *Miasto Łowicz*, ós rud é gur fíor go bhfuil cinntí áirithe maidir le hinghlacthacht nó neamh-inghlacthacht ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú ag teacht leis an mbreithiúnas sin [23], agus is cosúil go bhfuil daoine eile ag imeacht uaidh, ag glacadh réitigh atá contrártha [24].

[20] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek sna Cásanna Uamtha *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:403, mír 136).

[21] Mar sin féin, is é tuairim na cúirte a rinne an tarchur, áfach, go bhfuil an sásra chun cásdlí a chomhchuibhiú de chineál a mbeadh tionchar suntasach aige ar urramú an smachta reachta agus ar neamhspleáchas na mbreithiúna, go háirithe toisc go bhfuil feidhm aige i ngach cás os comhair na gcúirteanna uile ar an dara céim sa Chróit, "beag beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm sa chás ar leith" (leathanach 4 den ordú tagartha i gCás C-554/21).

[22] Thairis sin, an bhfuil sé réasúnta a mheas nach ndéanfaidh cúirt dara céime Cróitis an sásra sin a cheistiú riamh i ndíospóid a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh? I dteannta leis an gcás seo, samhlaítear go bhféadfaí imeachta um shárú a thionscnamh ag an gCoimisiún nó athbhreithniú traidisiúnta ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR).

[23] Ordú an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Prokuratura Rejonowa w Słubicach* (C-623/18, EU:C:2020:800); breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *WZ (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 94); an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)* (C-564/19, EU:C:2021:949, míreanna 58 go 66 agus 87), agus an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank* (C-132/20, EU:C:2022:235, míreanna 67, 92 agus 99).

[24] Ordú an 2 Iúil 2020, *S.A.D. Maler und Anstreicher* (C-256/19, EU:C:2020:523), inar thug an Chúirt cúiseanna go sonrach, agus réasúnaíocht an bhreithiúnais in *Miasto Łowicz* á atáirgeadh aici, gan an tríú cás inghlacthachta a chur i bhfeidhm d'ainneoin an chinnidh roimh ré nach raibh aon bhaint ag an díospóid sna príomhimeachtaí le dlí an Aontais Eorpaigh. Sa chás sin, a bhain le leithdháileadh comhad cáis laistigh den chúirt, tharchuir an Chúirt an fíoras go raibh na leigheasanna a bhí ar fáil dó ídithe ag an mbreitheamh a rinne an tarchur agus nach raibh sé in ann rialú, sa díospóid sna príomhimeachtaí, ar an gceist ar leithdháileadh an cás air go dleathach. Féach freisin breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile* (C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, míreanna 48 agus 49), nach mínítear an nasc substainteach idir na díospóidí sna príomhimeachtaí (céim thrialach imeachtaí coiriúla) agus dlí an Aontais Eorpaigh, agus breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, míreanna 113 go 121), ag dearbhú ceist a bhaineann le hagóid nós imeachta a bhaineann le stádas dréachtóra cosanta i bpríomhimeachtaí a bhain le comhlachas breithiúna d'fháil sonraí staidrimh atá i seilbh na Cigireachta Breithiúna.

43. I mbreithiúnas le déanaí, chinn an Chúirt, go ginearálta, go raibh ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus a fhéachann le cur ar chumas na cúirte a tharchuir an cás a réiteach, *in limine litis*, deacrachtaí nós imeachta amhail na deacrachtaí sin a bhaineann lena dlínse féin chun cás atá ar feitheamh os a comhair a éisteacht agus a chinneadh, nó a bhaineann leis na héifeachtaí dlíthiúla nach mór nó nach féidir a thabhairt do chinneadh breithiúnach a d'fhéadfadh bac a chur ar an gcúirt sin leanúint de chás den sórt sin a scrúdú, inghlactha faoi Airteagal 267 CFAE [25]. Leis an gcur chuige sin, dealraíonn sé go bhfuil saincheist an nós imeachta neamhspleách sa mhéid is go bhfuil sí in ann critéar an riachtanais faoi Airteagal 267 CFAE a chomhlíonadh ann féin. Mar sin féin, níor tharchuir an Chúirt ach dhá chás shonracha go soiléir agus go heisiach, ar leith ón gceann atá os comhair na cúirte a rinne an tarchur, nach bhfuil aon cheist in iarrataí ar réamhrialú maidir lena dlínse shubstainteach chun díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach ná ní dhearna sí tagairt d'aon chinntí breithiúnacha a chuireann bac ar na díospóidí sin a bhreithniú tuilleadh.

44. Ar deireadh, sílim gur gá an dara cás dá dtagraítear sa bhreithiúnas in *Miasto Łowicz* a lua. I ndáil leis sin, cé gur chinn an Chúirt cheana féin gur ceisteanna inghlactha iad a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú ar fhorálacha nós imeachta dhlí an Aontais Eorpaigh a cheanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur a chur i bhfeidhm chun a breithiúnas a thabhairt, ní hé sin raon feidhme na gceisteanna a ardaíodh sna cásanna uamtha idir lámha, mura rud é go bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE le háireamh sa chatagóir rialacha thuasluaite. Léiríonn scrúdú ar chásdlí ábhartha na Cúirte go mbaineann an chatagóir rialacha sin le reachtaíocht thánaisteach lena leagtar síos rialacha sonracha de chineál nós imeachta, cúinsí ar leith lenar cinneadh an réiteach a ghlac an Chúirt maidir le hinghlacthacht [26].

45. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a chur in iúl gur ceist inghlactha í ceist a tarchuireadh chun réamhrialú a bhaineann le léiriú Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 [27], ceist ar chinneadh nach raibh aon tionchar díreach aici roimhe sin ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí a bhaineann le cúiteamh a íoc faoi chlásal neamhiomlán [28]. Dá ndéanfaí cinneadh den sórt sin a thrasuí sna cásanna seo, in éineacht le léiriú na Cúirte ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ionas go mbeadh dlínse aici, bheadh cur i bhfeidhm forleathan, ní gan teorainn, na forála sin i réimse, mar thoradh ar an bhforáil sin a chur i bhfeidhm, eagrú an cheartais sna Ballstáit, atá ceaptha a bheith faoi dhlínse na mBallstát.

46. I bhfianaise na mbarúlacha thuas, ní mór a mheas nach mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonann riachtanas oibiachtúil chun díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach, ach atá de chineál ginearálta, rud a thugann údar maith le cinneadh nach bhfuil siad inghlactha.

47. Ar mhaithe le hiomláine i gcomhlíonadh chúram an Abhcóide Ghinearálta maidir le cúnamh a thabhairt don Chúirt, leagfaidh mé amach mar sin féin m'anailís ar shubstaint na gceisteanna sin.

[25] Breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Deireadh le saoirse ó phionós agus breitheamh a chur ar fionraí)* (C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, míreanna 46 agus 47), ós rud é nach raibh aon rud le tuiscint go réiteoidh an chúirt a rinne an tarchur na díospóidí sna príomhimeachtaí maidir leis an tsubstaint a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh.

[26] Breithiúnais an 17 Feabhra 2011, *Weryński* (C-283/09, EU:C:2011:85); an 13 Meitheamh 2013, *Versalis* v *an Coimisiún* (C-511/11 P, EU:C:2013:386); agus an 11 Meitheamh 2015, *Fahnenbrock agus páirtithe eile* (C-226/13, C-245/13 agus C-247/13, EU:C:2015:383).

[27] Rialachán ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (IO 2001 L 174, lch. 1).

[28] Breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *Weryński* (C-283/09, EU:C:2011:85, mír 38). Chuige sin, meastar nach mór a thuiscint leis an gcoincheap "breithiúnas a thabhairt" de réir bhrí Airteagal 267(2) CFAE go gcuimsíonn sé iomlán an nós imeachta as a dtagann breithiúnas na cúirte a rinne an tarchur, ionas go mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann gach foráil nós imeachta de dhlí an Aontais Eorpaigh a léiriú a cheanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur a chur i bhfeidhm chun breithiúnas a thabhairt, agus is beag tábhacht nach bhfuil gá le léiriú ar Rialachán Uimh. 1206/2001 chun an díospóid a réiteach sna príomhimeachtaí (mír 42 den bhreithiúnas).

## *C. Substaint an cháis*

48. Is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le rialacha agus cleachtas náisiúnta a bheith ag luí le dlí an Aontais Eorpaigh lena bhforáiltear d'idirghabháil, sa phróiseas cinnteoireachta breithiúnach ag an dara céim, an bhreithimh clárúcháin agus rannóg na mbreithiúna, ar ina leith atá an chúirt a rinne an tarchur ag lorg treorach ón gCúirt ar leithligh agus go sonrach. Ós rud é gur cuid de shásra aonair iad na hidirghabhálacha sin atá ceaptha chun comhsheasmhacht cásdlí cúirte a áirithiú, is iomchuí measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an tsásra sin faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE trí scrúdú a dhéanamh le chéile ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú [29].

49. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an tsásra sin, is gá, i gcomhthéacs cosc a chur ar chinntí breithiúnacha atá ag teacht salach ar a chéile, béim a leagan ar thábhacht phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ag an tús.

### *1. An ceanglas maidir le deimhneacht dhlíthiúil*

50. Tá prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ar prionsabal ginearálta de chuid dhlí an Aontais é, ceaptha chun intuarthacht cásanna agus caidrimh dhlíthiúla arna rialú ag dlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú [30]. Ceanglaítear leis, go háirithe, go mbeidh rialacha dlíthiúla soiléir agus beacht agus go mbeidh a gcur i bhfeidhm intuartha ag na daoine a bheidh faoina réir, ionas go mbeidh a fhios go baileach ag na daoine lena mbaineann raon na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis an reachtaíocht atá i gceist agus go bhféadfaidís a fháil amach go soiléir cad iad na cearta agus na hoibleagáidí atá acu agus bearta a dhéanamh dá réir [31].

51. Is léir gur cúis mhór imní don Chúirt é comhsheasmhacht an chásdlí lena léirmhínítear dlí an Aontais Eorpaigh, ar foinse intuartha é agus, dá bhrí sin, a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, lena n-áirítear maidir leis an gcaoi a n-oibríonn sé go hinmheánach, ós rud é gurb é comhsheasmhacht an chásdlí sin a misean bunaidh. I gcomhréir leis an gcásdlí socair, is é is aidhm don sásra réamhrialaithe arna bhunú le hAirteagal 267 CFAE a áirithiú, i ngach cás, go mbeidh an éifeacht chéanna ag dlí an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit uile agus, ar an gcaoi sin, éagsúlachtaí ina léiriú a sheachaint, ar éagsúlachtaí iad nach mór do na cúirteanna agus na binsí náisiúnta a chur i bhfeidhm, agus is iondúil go n-áiritheoidh sé an cur i bhfeidhm sin. Chuige sin, cuireann an tAirteagal sin bealach ar fáil do bhreithiúna náisiúnta chun deireadh a chur le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht as an gceanglas éifeacht iomlán a thabhairt do dhlí an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú chórais bhreithiúnacha na mBallstát [32].

52. Thairis sin, measann an Chúirt nach bhfuil sásra ingearach chun cásdlí a chomhchuibhiú, trí idirghabháil chúirteanna uachtaracha na mBallstát, ag teacht salach ar dhlí an Aontais Eorpaigh ann féin, cé go bhfuil cinntí na gcúirteanna sin ceangailteach ar chúirteanna níos ísle. Ní bheadh

[29] Baineann an t-amhras a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl leis an sásra féin, a bhfuil feidhm aige "beag beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm sa chás áirithe sin", de réir na cúirte a rinne an tarchur. Ina theannta sin, léiríonn na himeachtaí reatha nach bhfuil aon rud ann chun cosc a chur ar chúirteanna dara céime na Cróite ábhar a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE d'fhonn léiriú a lorg ar na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais Eorpaigh.

[30] Breithiúnas an 2 Feabhra 2023, *an Spáinn agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-649/20 P, C-658/20 P agus C-662/20 P, EU:C:2023:60, mír 81).

[31] Breithiúnas an 17 Samhain 2022, *Avicarvil Farms* (C-443/21, EU:C:2022:899, mír 46).

[32] Breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, mír 64).

gá le cinneadh maidir le neamh-chomhoiriúnacht ach amháin dá mainneodh an dlí náisiúnta neamhspleáchas na gcúirteanna uachtaracha a ráthú nó dá mba rud é go gcuirfeadh an sásra sin cosc ar chúirt náisiúnta ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú [33].

53. Mar sin féin, mar a thugann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) faoi deara go ceart i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR), a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950, is gné bhunúsach d'aon chóras breithiúnach é an fhéidearthacht go mbeadh breitheanna ag teacht salach ar a chéile amhail idir cúirteanna náisiúnta nó laistigh den chúirt chéanna. Cé nach bhfuil a leithéid de chás ann féin contrártha le ECHR, cuireann an Chúirt in iúl go bhfuil sé mar aidhm ag prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, atá intuigthe i ngach Airteagal de ECHR, cobhsaíocht áirithe a ráthú i gcásanna dlí agus muinín an phobail i riaradh an cheartais a chur chun cinn. Mar gheall ar mharthanacht cinntí cúirte atá ag teacht salach ar a chéile, d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith ann a d'fhéadfadh muinín an phobail as an gcóras breithiúnach a laghdú, ach is léir go bhfuil muinín den sórt sin ar cheann de chomhpháirteanna bunriachtanacha Stáit atá bunaithe ar an smacht reachta. Sna himthosca sin, chinn ECtHR go bhfuil sé de fhreagracht ar na Stáit Chonarthacha a gcórais dlí a eagrú ar bhealach a sheachnódh glacadh breithiúnas neamhréireach agus a fhíoródh go mbunófar sásraí lena bhféadfaí cleachtas comhsheasmhach laistigh de na cúirteanna agus comhchuibhiú an chásdlí araon a áirithiú [34].

54. Is díol suntais é, ar an gcéad dul síos, go mbaineann an sásra chun comhsheasmhacht an chásdlí dá dtagraítear sna cásanna seo a áirithiú le cúirteanna dara céime na Cróite, cé gurb é ról cúirte uachtaraí i bprionsabal aon chontrárthachtaí nó neamhchinnteachtaí a eascraíonn as breithiúnais ina bhfuil léirmhínithe éagsúla a réiteach [35]. I mo thuairimse, áfach, ní choisceann sé sin ar bhealach ar bith an gá atá le cásdlí comhchuibhithe a chur san áireamh ag an dara céim, go háirithe i bhfianaise chineál eisceachtúil na n-achomharc a d'fhéadfadh a bheith ann i gcoinne chinntí na gcúirteanna sin [36]. Ní mór intuarthacht an dlí agus an deimhneacht dhlíthiúil a ghabhann leis a bheith ina n-ábhar imní do gach comhlacht breithiúnach, is cuma cén leibhéal atá acu laistigh den chóras breithiúnach, d'fhonn comhionannas gach duine aonair os comhair an dlí a áirithiú ar fud críoch áirithe. Ar an dara dul síos, tá sé i gceist leis an sásra sin comhsheasmhacht chothrománach a áirithiú, agus ní mór do gach cúirt dara céime a áirithiú go bhfuil a cásdlí féin comhsheasmhach, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis ECtHR [37].

[33] Breithiúnais an 7 Lúnasa 2018, *Banco Santander agus Escobedo Cortés* (C-96/16 agus C-94/17, EU:C:2018:643); an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, mír 44) agus ord an 17 Iúil 2023, *Jurtukała* (C-55/23, EU:C:2023:599, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[34] ECtHR, 29 Samhain 2016, *Paróiste Caitliceach Gréagach Lupeni agus páirtithe eile* v *an Rómáin* (CE:ECHR:2016:1129JUD007694311, míreanna 116 agus 129). Léiríonn scrúdú ar na córais dlí náisiúnta éagsúla laistigh den Aontas Eorpach, in éagmais córas fasach dá bhforáiltear sa dlí coiteann, go bhfuil go leor dlíchóras i mór-roinn na hEorpa in ann leas a bhaint as sásraí inmheánacha chun comhsheasmhacht cásdlí a áirithiú laistigh dá gcúirteanna.

[35] ECtHR, 29 Samhain 2016, *Paróiste Caitliceach Gréagach Lupeni agus páirtithe eile* v *an Rómáin*, (CE:ECHR:2016:1129JUD007694311, mír 123). I gcórais ina ndéantar foráil maidir le sásraí chun comhsheasmhacht an chásdlí a áirithiú agus iad ag déileáil le cás ar leith, is iondúil go gcuireann dlíchórais an Aontais Eorpaigh sásraí den sórt sin ar fáil do chúirteanna uachtaracha, cé go bhfuil sásra ann chun tarchur chuig foirmiú méadaithe laistigh de chúirteanna dara céime, mar shampla, sa Ghearmáin le haghaidh cúirteanna achomhairc riaracháin ag an gcéim dheireanach maidir le saincheist ar leith, agus san Fhionlainn chomh maith.

[36] Tá feidhm ag an tréithriú sin maidir leis na himeachtaí a fhéadfar a thabhairt os comhair Vrhovni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Uachtarach), de réir na faisnéise a chuir Rialtas na Cróite ar fáil ag an éisteacht. Chuir an Rialtas sin in iúl freisin nach bhfuil na seasaimh dhlíthiúla arna nglacadh ag na hardchúirteanna ina gceangal ar chúirteanna céadchéime.

[37] ECtHR, 1 Iúil 2010, *Vusić* v *an Chróit* (CE:ECHR:2010:0701JUD004810107), 29 Samhain 2016, *Paróiste Caitliceach Gréagach Lupeni agus páirtithe eile* v *an Rómáin* (CE:ECHR:2016:1129JUD007694311) agus 23 Bealtaine 2019, *Sine Tsaggarakis A.E.E.* v *an Ghréig* (CE:ECHR:2019:0523JUD001725713).

55. Cé gur gá sásraí a thabhairt isteach chun comhsheasmhacht an chásdlí a áirithiú, ní féidir sásraí den sórt sin a thabhairt isteach de shárú ar an gceart rochtana ar bhinse neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú le dlí.

*2. An ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh*

56. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil an tAontas Eorpach comhdhéanta de Stáit a thug gealltanas faoi shaoirse agus dá ndeoin féin do na comhluachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, lena n-urramaítear na luachanna sin agus a ghabhann orthu féin iad a chur chun cinn. Go háirithe, eascraíonn sé as Airteagal 2 CAE go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna, amhail an smacht reachta, ar luachanna iad is coiteann do na Ballstáit i sochaí ina bhfuil, *inter alia*, forlámhas ag an gceartas. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus, go háirithe, a gcúirteanna agus a mbinsí bunaithe ar an réamhchúram bunúsach go bhfuil sraith luachanna coiteanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ag na Ballstáit, mar a luaitear san Airteagal sin. Thairis sin, má chomhlíonann Ballstát na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, is coinníoll é chun na cearta uile a eascraíonn as na Conarthaí a chur i bhfeidhm ar an mBallstát sin a theachtadh. Dá bhrí sin, ní féidir le Ballstát a reachtaíocht a leasú ar bhealach lena ndéanfar laghdú ar chosaint luach an smachta reachta, luach a léirítear go nithiúil le hAirteagal 19 CAE, *inter alia*. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú, i bhfianaise an luacha sin, go gcoiscfear aon chúlchéimniú ar a ndlíthe maidir le heagrú an cheartais, trí staonadh ó rialacha a ghlacadh a bhainfeadh an bonn de neamhspleáchas na mbreithiúna [38].

57. Mar a fhoráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, is faoi na Ballstáit atá sé córas leigheasanna agus nósanna imeachta dlí a bhunú lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh daoine aonair a gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais Eorpaigh. Prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí ar chearta daoine aonair faoi dhlí an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, is prionsabal ginearálta é de dhlí an Aontais Eorpaigh a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, ar prionsabal é atá cumhdaithe in Airteagail 6 agus 13 de ECHR, agus a athdhearbhaítear anois le hAirteagal 47 den Chairt [39].

58. Ós rud é go gceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ar gach Ballstát leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, de réir bhrí go háirithe Airteagal 47 den Chairt, nach mór an fhoráil dheireanach sin a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú, mar aon le cásdlí ECtHR maidir le hAirteagal 6(1) de ECHR [40]. A áirithiú go mbeidh comhlachtaí a bhféadfaí iarraidh orthu rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh in ann cosaint bhreithiúnach éifeachtach den sórt sin a áirithiú, go bhfuil sé bunriachtanach a neamhspleáchas a choimeád, mar a dheimhnítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, a thagraíonn do rochtain ar bhinse "neamhspleách" mar cheann de na ceanglais a bhaineann leis an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil [41].

[38] Breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta le haghaidh breithiúna)* (C-791/19, "an breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*", EU:C:2021:596, míreanna 50 agus 51).

[39] Breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 52.

[40] Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, mír 37).

[41] Breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear.

59. Cé go bhfuil saincheist neamhspleáchas an fhoirmiú ar tugadh na himeachtaí os a comhair fíor-riachtanach sna cásanna seo, ní mór a chur san áireamh freisin i dtaca le hurraim do chearta na cosanta agus do ráthú rochtana ar chúirt nó ar bhinse a bunaíodh roimhe sin le dlí.

*(a) An ceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna*

60. Tá an ceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna, atá ina ghné dhílis den chúram a bhaineann le breithiúnas a thabhairt, mar chuid lárnach den cheart bunúsach chun cosaint dlí éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, a bhfuil ríthábhacht ag gabháil leis mar ráthaíocht ar chosaint na gceart uile arna dtabhairt do dhaoine aonair le dlí an Aontais Eorpaigh agus ar chaomhnú na luachanna is coiteann do na Ballstáit, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe maidir le luach an smachta reachta [42].

61. De réir cásdlí socair, tá dhá ghné leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcúirt lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlacht eile agus gan orduithe nó treoracha a ghlacadh ó fhoinse ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag an méid sin ar a cinntí. Tá an dara gné, atá de chineál inmheánach, nasctha le neamhchlaontacht agus féachann sé lena áirithiú go gcoinnítear an t-achar céanna ó na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Don ghné sin, is gá go mbeadh neamhchlaontacht agus easpa leasa i dtoradh na n-imeachtaí ann, seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta. Leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, tá gá le rialacha, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus forais le staonadh ó vótáil, a chomhaltaí a dhiúltú agus a bhriseadh as a phost, chun aon amhras réasúnach in intinn daoine aonair a dhíbirt maidir leis an gcomhlacht sin gan a bheith faoi anáil fachtóirí seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna os a chomhair [43].

62. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go gcosnaítear breithiúna ar idirghabhálacha seachtracha nó ar bhrú lena bhféadfaí a neamhspleáchas a chur i mbaol. Ní mór a cheadú, leis na rialacha is infheidhme maidir le stádas na mbreithiúna agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna mar bhreithiúna, go háirithe, go gcuirfí cosc ní hamháin le tionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach le cineálacha tionchair níos indírí lena bhféadfaí tionchar a imirt ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann chomh maith, agus aon chuma a sheachaint mar sin nach bhfuil na breithiúna sin neamhspleách nó neamhchlaon, ar tionchar é atá de chineál a bhainfeadh sé an bonn ón muinín i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta nach mór a spreagadh leis an gceartas i ndaoine aonair [44].

63. Cé go bhfuil cásdlí na Cúirte a meabhraíodh thuas dírithe go príomha ar neamhspleáchas na gcúirteanna i leith an reachtais agus an fheidhmeannais a chosaint, i gcomhréir le prionsabal dheighilt na gcumhachtaí atá ina shainghné den smacht reachta, tá sé infheidhme go hiomlán, i bhfianaise, go háirithe, chineál ginearálta na foclaíochta a úsáidtear, i gcomhthéacs eile a d'fhéadfaí a mheas mar fhoclaíocht inmheánach amháin. Sa chás seo, baineann na hamhrais a

[42] Breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 58.

[43] Féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, míreanna 121 go 123).

[44] Breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 60.

chuirtear in iúl sna horduithe tagartha i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go bunúsach, le forálacha agus cleachtas náisiúnta a bhaineann le sásra chun comhsheasmhacht an chásdlí a áirithiú agus lena bhforáiltear d'idirghabháil, i ndáil leis sin, dhá chomhlacht atá mar chuid den chúirt chéanna leis na breithiúna a rinne na cinntí i dtrácht. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs díospóid a eascraíonn as cinneadh ó uachtarán cúirte breitheamh a aistriú, gan a thoiliú, ó rannán na cúirte sin inar shealbhaigh sé oifig roimhe sin chuig rannán eile den chúirt chéanna, gur chinn an Chúirt go gceanglaítear leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas breithiúnach a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt, go gceanglaítear leis na rialacha is infheidhme maidir le haistriú gan toiliú ó na breithiúna sin a bheidh i láthair, amhail na rialacha lena rialaítear ábhair araíonachta, go háirithe na ráthaíochtaí is gá chun cosc a chur ar aon riosca neamhspleáchais sin a bheith á gcur i mbaol de dheasca idirghabhálacha seachtracha díreacha nó indíreacha [45].

64. Tacaíonn cásdlí aonchiallach ECtHR leis an gcur chuige sin maidir le hAirteagal 6(1) de ECHR, ar dá réir a éilíonn neamhspleáchas na mbreithiúna go mbeadh breithiúna aonair saor ní hamháin ó thionchair mhíchuí lasmuigh de na breithiúna, ach ón taobh istigh freisin. Éilíonn an neamhspleáchas breithiúnach inmheánach sin go mbeidh siad saor ó threoracha nó ó bhrú ó chomhbhreithiúna nó ó dhaoine a bhfuil freagrachtaí riaracháin orthu sa chúirt amhail uachtarán na cúirte nó uachtarán rannáin sa chúirt. In éagmais coimircí leordhóthanacha lena n-áirithítear neamhspleáchas na mbreithiúna laistigh den chóras breithiúnach agus, go háirithe, maidir lena n-oifigigh uachtaracha bhreithiúnacha, tá sé réasúnta amhras a bheith ann maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte [46].

65. Sa chás seo, an féidir a mheas go bhfuil idirghabháil an bhreithimh clárúcháin agus rannóg na mbreithiúna, dhá chomhlacht bhreithiúnacha ar an leibhéal céanna leis an bpainéal breithiúnach a tugadh os a gcomhair ar dtús, in ann an bonn a bhaint de cheanglas neamhspleáchas chomhaltaí an phainéil bhreithiúnaigh sin? Dealraíonn sé dom go gcaithfear an cheist sin a fhreagairt sa diúltach [47].

66. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar léiriú litriúil fhorálacha ábhartha na reachtaíochta náisiúnta a bhaineann le feidhmiú "rannóg", arb é atá ann, de bhun Airteagal 37 den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, na breithiúna ina bhfuil dlísheomraí nó foirmíochtaí éagsúla na cúirte lena mbaineann, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil breitheamh aonair acu, a rialaíonn ábhair a thagann faoi réimse gaolmhar dlí amháin nó níos mó. Faoi Airteagal 38 den dlí sin, baineann an plé ag cruinniú rannóige le "hábhair" ar díol spéise iad don rannóg, lena n-áirítear "pointí díospóideacha dlí" agus "cásdlí a chomhchuibhiú". Mar thoradh ar na díospóireachtaí sin, glacadh "seasamh dlíthiúil", faoi Airteagal 40(2) den dlí sin, léiriú suntasach, a mhéid a choisceann sé réiteach nó cinneadh a ghlacadh i gcás ar leith.

[45] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19 EU:C:2021:798, mír 117).

[46] ECtHR, 22 Nollaig 2009, *Parlov-Tkalčić* v *an Chróit*, CE:ECHR:2009:1222JUD002481006, míreanna 86 go 88).

[47] Sa deireadh thiar, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé rialú a thabhairt ar an ábhar sin tar éis di na cinntí ábhartha ina leith sin a dhéanamh. Ní mór a mheabhrú nach dtugtar de chumhacht don Chúirt le hAirteagal 267 CFAE rialacha dhlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cás ar leith, ach chun rialú a thabhairt maidir le léiriú na gConarthaí agus na ngníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Aontais amháin. De réir cásdlí socair, féadfaidh an Chúirt, áfach, faoi chuimsiú an chomhair bhreithiúnaigh dá bhforáiltear leis an Airteagal sin agus ar bhonn an ábhair a chuirtear faoina bráid, léiriú a thabhairt don chúirt náisiúnta ar dhlí an Aontais Eorpaigh a d'fhéadfadh a bheith úsáideach di agus measúnú á dhéanamh aici ar éifeachtaí ceann amháin nó eile dá fhorálacha (breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 132).

67. Ar an dara dul síos, deimhníonn na mínithe a chuir Rialtas na Cróite ar fáil agus scrúdú ar an gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte go bhfuil anailís léirmhínitheach maidir le feidhmiú comhlachta bhreithiúnaigh choláistigh, lena n-áirítear breithiúna na foirmíochta a bhfuiltear os a comhair, ag gabháil do phlé ginearálta maidir le léiriú na rialacha atá i gceist agus an cásdlí a bhaineann leis, agus trí vóta tromlaigh ag glacadh chomhsheasamh na mbreithiúna ar deireadh maidir leis an léiriú atá le tabhairt. Ní ábhar díospóide é, ar thionscnamh a huachtarán, gur tionóladh cruinniú, trí fhíschomhdháil, den Rannóg Díospóidí Tráchtála an 26 Deireadh Fómhair 2021 ar fhreastail 28 mbreitheamh air, lena n-áirítear an triúr comhaltaí den fhoirmíocht ar tugadh na himeachtaí os a comhair agus breitheamh na gclárúchán. Bhain an cruinniú sin go háraithe leis an dá shaincheist dlí, dá dtagraítear i dtéarmaí teibí ar an gclár oibre, as ar eascair malartuithe idir an breitheamh agus an foirmiú sin. Áirítear i miontuairiscí an chruinnithe sin an ráiteas tosaigh gur leor 28 mbreitheamh as an 31 bhreitheamh ina bhfuil an Chúirt Achomhairc Tráchtála a bheith ann chun cinntí bailí a ghlacadh, "is é sin le rá seasaimh dhlíthiúla", agus leagtar amach ann argóintí éagsúla na mbreithiúna, a mbaineann duine amháin acu leis an bhfoirmiú ar tugadh aghaidh air, agus ábhar seasaimh dhlíthiúil maidir le gach ceann de na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu. Saintréith den seasamh sin is ea a nádúr teibí agus easpa aon tagartha do na príomhimeachtaí roimh an bhfoirmiú tosaigh. Ina theannta sin, leanann sé ó bharúlacha Rialtas na Cróite nach bhfuil na comhaid a bhaineann leis na cásanna sin agus ina bhfuil aighneachtaí i scríbhinn na bpáirtithe ar fáil do rannóg na mbreithiúna agus nach gcuirtear ach an chéad chinneadh den fhoirmiú a tugadh os comhair na rannpháirtithe, mar aon le cásdlí.

68. Ar an tríú dul síos, is faoin dlísheomra a bhfuil an cás os a chomhair atá sé léiriú ginearálta na rialacha dlíthiúla is infheidhme a chur san áireamh nuair a ghlacfaidh sé, i bhfianaise fhíorais an cháis agus na fianaise sa chomhad, an réiteach dlíthiúil iomchuí sna cásanna atá os a chomhair [48]. Aithnítear an t-idirdhealú sin idir léiriú rialach dlí agus a cur i bhfeidhm i gcórais dlí náisiúnta eile agus is bunbhrí aon sásra réamhrialaithe é agus, go soiléir, comhfhreagraíonn sé don idirdhealú dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gurb é is cuspóir don sásra sin léiriú comhsheasmhach aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais Eorpaigh a áirithiú trí idirphlé a chur ar bun idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta [49]. Is é an cúram atá ar an gCúirt le hAirteagal 267 CFAE na pointí a bhaineann le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh a thabhairt d'aon chúirt nó d'aon bhinse de chuid an Aontais Eorpaigh, pointí a theastaíonn uaithi chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na díospóidí iarbhír a thugtar os a comhair [50]. Ní thugtar de chumhacht don Chúirt leis an bhforáil sin rialacha dhlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cás ar leith, ach rialú a dhéanamh ar léiriú na gConarthaí agus na ngníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Aontais amháin. Dá réir sin, is faoi na cúirteanna náisiúnta, seachas faoin gCúirt, atá sé dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i bhfianaise an léirmhínithe a chuireann an Chúirt ar fáil [51].

[48] I míreanna 42 agus 43 dá bharúlacha, tagraíonn Rialtas na Cróite d'orduithe de chuid Ustavni sud (an Chúirt Bhunreachtúil) ina luaitear gurb iad na breithiúna féin, a bhreithníonn go féinrialaitheach agus go neamhspleách sa chás atá i gceist, a chinneann an cheist an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm poist dhlíthiúil, agus a bhfuil sé de cheart acu agus go bhfuil sé d'oibleagáid orthu cúiseanna a thabhairt le gach gné den chás ar a bhfuil siad ag breithniú, lena n-áirítear an cheist an bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag seasamh ceangailteach dlí maidir leis an mbunús dlí sainaitheanta don chaingean.

[49] Breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea* (C-284/16, EU:C:2018:158, míreanna 35 agus 37).

[50] Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2015, *Ferreira da Silva e Brito agus páirtithe eile* (C-160/14, EU:C:2015:565, mír 37).

[51] Féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie an Bhulgáir* (C-83/14, EU:C:2015:480, mír 71) agus an 5 Aibreán 2016, *PFE* (C-689/13, EU:C:2016:199, mír 33). Is fíor, i gcásanna áirithe ina bhfuil leibhéal ard beachtais/teicniúla sa reachtaíocht atá i gceist, go bhféadfadh an deighilt idir na coincheapa a bhaineann leis an riail dhlíthiúil a léiriú agus a chur i bhfeidhm a bheith fánach. Mar sin féin, ní fheictear domsa gur féidir measúnú a dhéanamh, *de jure*, ar chomhréireacht shásra na Cróite i bhfianaise imthosca fíorasacha ar leith cásanna áirithe amháin, nach féidir an t-idirdhealú coincheapúil atá i gceist a dhéanamh neamhábhartha.

69. Tá an anailís a leagtar amach thuas bunriachtanach don mheasúnú ar Airteagal 40(2) den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, ar dá réir a bheidh an seasamh dlíthiúil a glacadh ag cruinniú rannóige ina cheangal ar dhlísheomraí nó ar bhreithiúna uile na rannóige sin ag an dara céim. Má ghlactar leis an idirdhealú idir léiriú na rialach dlí agus cur i bhfeidhm na rialach dlí, ós rud é go bhfuil an foirmiú a bhfuiltear os a comhair, ar cuid dhílis é de chomhlacht coláisteach a rinne tromlach a phlé agus a vótáil trí thromlach chun an seasamh dlíthiúil a ghlacadh, riachtanach chun an seasamh sin a chur chun feidhme, ar an gcaoi chéanna le breithiúnas ó chúirt uachtarach a rialaíonn an seasamh dlí amháin, go gcomhlíonann sé cuspóir na deimhneachta dlíthiúla gan ceanglas neamhspleáchais na cúirte [52] a shárú. Dá nglacfaí le sásra chun comhsheasmhacht cásdlí a áirithiú, faoi réir an tseasaimh dhlíthiúil a bheith neamhcheangailteach, mar a mhol an Coimisiún, d'fhágfadh sé sin go bunúsach nach raibh sa phost sin ach treoir agus go raibh a chur i bhfeidhm go hiomlán éiginnte.

70. Ar an gceathrú dul síos, is gá ról an bhreithimh clárúcháin a shainiú sa sásra atá i gceist. Cé go bhfuil an chumhacht ag an mbreitheamh sin, de réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, bac a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta agus cosc a chur ar chinneadh an fhoirmithe a dtugtar cás os a comhair a bheith ina bheart breithiúnach a dtugtar fógra ina leith do na páirtithe go foirmiúil, ní féidir leis nó léi, in imthosca ar bith, a mheasúnú nó a measúnú a chur in ionad mheasúnú an fhoirmithe sin. Ní féidir le breitheamh na gclárúchán an cás a tharchur ar ais chuig an bhfoirmíocht sin lena athbhreithniú, mar aon lena bharúlacha nó a tuairimí maidir leis na saincheisteanna dlíthiúla a ardaíodh agus, i gcás easaontas leanúnach leis an dlísheomra a bhfuiltear os a comhair, ní féidir leis an mbreitheamh sin ach uachtarán na cúirte nó uachtarán na rannóige atá freagrach as a chuid oibre a stiúradh, a bhfuil inniúlacht eisiach acu ábhar a tharchur chuig an bhfoirmíocht mhéadaithe sin, "i gcás ina bhfaightear amach go bhfuil difríochtaí léirithe idir rannóga, dlísheomraí nó breithiúna maidir le ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí nó i gcás ina n-imíonn dlísheomra nó breitheamh de chuid rannóige ón seasamh dlíthiúil a glacadh roimhe sin" [53]. Dá bhrí sin, ní bhaineann an measúnú ar na cúiseanna sin ach leis an dá chomhlacht sin amháin a bhfuil inniúlacht acu an t-ábhar a tharchur chuig an rannóg [54], agus glacfaidh an rannóg sin, i gcás inarb iomchuí, seasamh dlí atá contrártha do chur chuige an bhreithimh clárúcháin agus a bheidh ceangailteach ar an dara ceann mar bhreitheamh den rannóg lena mbaineann [55]. Ní féidir a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an "focal deireanach" ag an mbreitheamh clárúcháin sa phróiseas plé dar críoch glacadh le seasamh dlíthiúil, a bhfuil feidhm cheangailteach aige maidir le léiriú na rialach dlí, agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh ina dhiaidh sin maidir leis an bhfoirmiú a tugadh os a chomhair.

71. Dá réir sin, tagann an pictiúr chun cinn de shásra nós imeachta inmheánach, is coiteann do chórais dlí náisiúnta éagsúla, lena ndéantar foráil, cé nach n-aistrítear an cás lena mbaineann, do rannpháirtíocht foirmíochta méadaithe nach dtugann cinneadh lena socraítear an díospóid in ionad an dlísheomra ar tugadh imeachtaí os a chomhair ar dtús ach a chuireann srian ar rialú ar phointe dlí agus ar an gcás a tharchur ar ais chuig an bpainéal breithiúnach bunaidh chun go bhféadfaidh an painéal breithiúnach rialú a thabhairt ar an díospóid, agus aird á tabhairt ar an

[52] Ní leor an fhíric nach bhfuil comhaltaí fhoirmíocht na cúirte i dteideal mír a chur ar chlár oibre chruinniú na rannóige chun neamhspleáchas na mbreithiúna sin a chur ó mhaith, mar a léiríonn an chúirt a rinne an tarchur.

[53] Arís eile, tá an fhoclaíocht thar a bheith suntasach.

[54] Dealraíonn an tuairim seo dom aghaidh a thabhairt ar an bhfíric go gcuireann an chúirt a rinne an tarchur ceist ar rogha an bhreithimh clárúcháin cásanna agus é nó í ag feidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí agus go luann an chúirt a rinne an tarchur go sonrach nár shainaithin breitheamh na gclárúchán aon chásdlí contrártha sa cháschomhad a bhaineann le Cás C-727/21.

[55] Ba mhaith liom a chur in iúl gur léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte i gCás C-727/21 go raibh an breitheamh clárúcháin, a scríobh an litir dar dáta an 23 Meitheamh 2021 inar tugadh cuireadh don dlísheomra ar tugadh an cás os a comhair chun athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh, ar dhuine den 28 mbreitheamh as an 31 bhreitheamh ina raibh an rannóg lena mbaineann a bhí i láthair, mar a léirítear i miontuairiscí an chruinnithe sin.

bhfreagairt a thugtar leis an bhfoirmiú méadaithe. Ag brath ar an gcóras dlí, d'fhéadfadh seasamh na foirmíochta méadaithe a bheith comhairleach nó, mar atá sa chás seo, ina sheasamh ceangailteach [56], agus féadfaidh sé a bheith infheidhme maidir leis an bhfoirmiú tosaigh amháin nó maidir le foirmíochtaí eile freisin.

72. Cé gur i gcórais dlí náisiúnta éagsúla, is é an dlísheomra ar tugadh na himeachtaí os a chomhair ar dtús, agus an dlísheomra sin amháin, a fhéadfaidh tarchur chuig an bhfoirmiú méadaithe a dhéanamh, cibé acu mar chumhacht nó mar oibleagáid, i gcás ina mbeartaíonn sé imeacht ón gcásdlí roimhe sin, nó i gcás ina sainaithnítear éagsúlacht sa chásdlí nó ina bhfuil baol ann go mbeadh éagsúlacht den sórt sin ann, féadfaidh comhlacht breithiúnach eile, amhail uachtarán na cúirte nó na rannóige lena mbaineann, ar comhlacht é a chuireann breitheamh na gclárúchán ar an airdeall sa chás sin.

*(b) An ceanglas cearta na cosanta a urramú*

73. Ina chuid barúlacha, luaigh an Coimisiún nach bhfuil cruinnithe rannóige oscailte don phobal agus nach bhfuil na páirtithe in ann a n-argóintí a chur ar aghaidh ag na cruinnithe sin. Tugadh ar aird ag an éisteacht nach scaiptear miontuairiscí na gcruinnithe sin agus go bhfreastalaíonn breithiúna orthu nár léigh aighneachtaí scríofa na bpáirtithe nó nár éist leo, rud a ardaíonn an cheist maidir le cothroime na n-imeachtaí. Baineann an rud céanna le hidirghabháil an bhreithimh clárúcháin.

74. Ní mór a mheabhrú go bhfuil eilimintí éagsúla sa phrionsabal bunúsach maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach na gceart, a athdhearbhaítear in Airteagal 47 den Chairt, agus sa choincheap "triail chóir", dá dtagraítear in Airteagal 6 de ECHR, lena n-áirítear, go háirithe, urraim do chearta na cosanta agus an ceart comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil. Is léir freisin ó chásdlí na Cúirte gur gné dhílis é an ceart chun éisteacht a fháil sna himeachtaí uile maidir le cearta na cosanta a chumhdaítear amhlaidh in Airteagail 47 agus 48 den Chairt, agus go ráthaítear leis an gceart sin an deis do gach duine a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl go héifeachtach le linn na n-imeachtaí sin [57].

75. Sa chás seo, tá sé tábhachtach a chur in iúl, faoi Airteagal 334 de Chód Nós Imeachta Shibhialta na Cróite, "go mbeidh cúirt faoi cheangal ag a breithiúnas a luaithe a fhoilseofar é agus, murar foilsíodh an breithiúnas, a luaithe a sheolfar é. Ní bheidh éifeacht leis an mbreithiúnas ar na páirtithe go dtí an lá a sheirbheálfar orthu é". De réir Airteagal 177(3) de Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna, "measfar go bhfuil cás os comhair cúirte dara céime dúnta ar an dáta a sheolfar an cinneadh ó oifig na cúirte, tar éis don tSeirbhís um Fhaireachán agus um Chlárú Cásdlí an cás a chur ar ais".

76. Leanann sé as na forálacha thuas go bhfuil an sásra nós imeachta i dtrácht mar chuid de chéim phlé na n-imeachtaí sula ndéantar cás a fhoirmiú, ós rud é nach dtugtar aon chinneadh breithiúnach go foirmiúil tar éis an phlé laistigh den fhoirmiú sin, is cuma an bhfuil comhaontú tromlaigh nó d'aon toil ann i measc na mbreithiúna a chuimsíonn an foirmiú sin tar éis an phlé tosaigh. Leanann an chéim breithniúcháin seo imeachtaí ina raibh na páirtithe in ann a gcuid

[56] Ba cheart a mheabhrú go bhfuil an chúirt náisiúnta, tar éis di an lánrogha a thugtar di leis an dara mír d'Airteagal 267 CFAE a fheidhmiú, faoi cheangal, chun críocha an chinnidh atá le tabhairt sna príomhimeachtaí, trí léiriú na bhforálacha atá i gceist arna dtabhairt ag an gCúirt agus nach mór di, más gá, neamhaird a thabhairt ar rialuithe cúirte níos airde má mheasann sí, ag féachaint don léiriú sin, nach bhfuil siad comhsheasmhach le dlí an Aontais Eorpaigh (ordú an 17 Iúil 2023, *Jurtukała*, (C-55/23, EU:C:2023:599, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[57] Breithiúnas *an Coimisiún* v *an Pholainn*, míreanna 203 agus 205.

éileamh agus argóintí a chur i láthair ar bhealach sáraíochta. Is é an t-aon chuspóir atá leis an gcéim seo ná cur ar chumas na mbreithiúna machnamh agus anailís a dhéanamh ar an díospóid a cuireadh isteach agus a réiteach i gcomhréir leis na rialacha dlí is infheidhme.

77. Sa chás seo, áirítear ar na pléití sin plé coláisteach ag breithiúna na rannóige lena mbaineann, nach bhfuil rochtain acu ar an gcáschomhad a scrúdaigh an dlísheomra ar tugadh imeachtaí os a chomhair, nach mbaineann ach le léiriú achomair ar an riail dhlíthiúil ábhartha nó rialacha a bhí ina ábhar díospóireachta le linn na réamhimeachtaí sáraíochta. Sa chomhthéacs sin, ní féidir, de ghnáth, seasaimh dhlíthiúla a ghlacadh ar bhonn eilimintí nach raibh deis ag na páirtithe a dtuairimí a thabhairt ina leith. I gcás ina mbainfear de thátal as an bplé laistigh den rannóg ar deireadh nach mór an díospóid a réiteach i gcomhréir le riail dhlíthiúil nár tharraing na páirtithe anuas agus nár pléadh iad le linn na n-imeachtaí sáraíochta, ní mór an éisteacht a athoscailt chun an prionsabal sáraíochta, ar cuid de chearta na cosanta é, a urramú. Ní chiallaíonn sé sin nach féidir leis an bplé idir na breithiúna laistigh den rannóg cásdlí nach bhfuil luaite ag na páirtithe a chumhdach ná a bheith i bhfoirm réasúnaíochta de réir analaí le foráil seachas an fhoráil atá i gceist sa chás atá á éisteacht ag an dlísheomra a bhfuiltear os a chomhair. Mar sin féin, is é an anailís sin maidir le buncheist an dlí, de réir a nádúir, obair breithimh.

78. Má ghlactar leis an idirdhealú idir léiriú agus cur i bhfeidhm rialach dlí, ní féidir a mheas, sna himthosca a bhfuil tuairisc orthu thuas, gur mainníodh an ceanglas maidir le triail chóir a chomhlíonadh.

### *(c) Rochtain ar chúirt arna bunú le dlí*

79. Ag brath ar chásdlí socair ECtHR, tá sé curtha in iúl ag an gCúirt gurb é is cúis leis an téarma "arna bhunú le dlí" a thabhairt isteach sa chéad abairt d'Airteagal 6(1) de ECHR nach mbeidh eagrú an chórais bhreithiúnaigh ag brath ar rogha an fheidhmeannais, ach go ndéantar é a rialáil le dlí a thagann ón reachtas i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear a dhlínse. Léiríonn an frása sin, go háirithe, prionsabal an smachta reachta agus cumhdaítear leis ní hamháin an bunús dlí atá le binse a bheith ann, ach comhdhéanamh an bhinse i ngach cás agus aon fhoráil eile den dlí baile a d'fhágfadh, dá sárófaí é, go mbeadh breitheamh amháin nó níos mó rannpháirteach i scrúdú cáis neamhrialta, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht chomhaltaí na cúirte lena mbaineann [58].

80. I ndáil leis sin, de réir ECtHR, cé gurb ionann an ceart chun "binse arna bhunú le dlí" a ráthaítear in Airteagal 6(1) de ECHR agus ceart uathrialach, tá dlúthbhaint, mar sin féin, ag an gceart sin leis na ráthaíochtaí maidir le "neamhspleáchas" agus "neamhchlaontacht", de réir bhrí na forála sin. Chinn an chúirt sin, go háirithe, cé go bhfuil na ceanglais institiúideacha in Airteagal 6(1) de ECHR, lena saothraítear gach ceann acu mar aidhm shonrach, lena ndéantar ráthaíochtaí sonracha maidir le triail chóir, tá siad ar aon dul lena chéile maidir le prionsabail bhunúsacha an smachta reachta agus deighilt na gcumhachtaí a urramú, lena sonraítear, i ndáil leis sin, nach mór dóibh ar bhonn gach ceann de na ceanglais sin, an mhuinín nach mór do na breithiúna a spreagadh sna daoine agus neamhspleáchas na cumhachta seo maidir leis na cumhachtaí eile a chaomhnú [59].

[58] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[59] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 124, ag lua breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Ástráðsson* v *an Íoslainn*, CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, míreanna 231 agus 233).

81. Sa chás seo, ní bhaineann forálacha na reachtaíochta náisiúnta dá dtagraítear sna horduithe tagartha le fíor-bheith ann ná le cumhachtaí Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála), gnéithe dá bhfuil an bunús dlí bunaithe, ach lena phróiseas cinnteoireachta, tar éis dheireadh na n-imeachtaí i scríbhinn agus, i gcás inarb ábhartha, ó bhéal, as ar tháinig glacadh an bhirt bhreithiúnaigh chríochnaithigh lena réitítear an díospóid arna cur isteach ag na páirtithe agus, go sonrach, leis na himthosca ina ndéanann an rannóg breithiúna agus breitheamh na gclárúchán idirghabháil sa phróiseas cinnteoireachta sin. Ag féachaint dá impleachtaí bunúsacha do dhea-fheidhmiú agus do dhlisteanacht na mbreithiúna i Stát daonlathach arna rialú ag an smacht reachta, is gné bhunúsach den choincheap "binse arna bhunú leis an dlí", de réir bhrí Airteagal 6(1) de ECHR, an próiseas sin [60].

82. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach í an tsaincheist a ardaíodh sna hiarrataí ar réamhrialú mainneachtain rialacha inmheánacha a chomhlíonadh, rud a fhágann gur féidir aon amhras réasúnach in intinn daoine aonair a dhíbirt maidir leis an gcomhlacht sin gan a bheith faoi anáil fachtóirí seachtracha [61] ach, ina ionad sin, maidir le forálacha a bheith ann lena rialaítear céim phlé na n-imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras den sórt sin.

83. I ndáil leis sin, ba mhaith liom a chur in iúl go dtagann na rialacha uile lena rialaítear feidhmiú rannóg na mbreithiúna as an Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha. Dá bhrí sin, tá an bunús dlí le haghaidh rannpháirtíocht na rannóige sin i gcéim an phlé den fhoirmiú ar tugadh na himeachtaí os a comhair doshéanta agus tugann sé an méid intuarthachta agus cinnteachta is gá chun an ceanglas lena mbaineann a chomhlíonadh [62]. Thairis sin, mar a tugadh faoi deara cheana féin, tá na rialacha mionsonraithe lena rialaítear nach bhfuil rannpháirtíocht chomh mór sin ina cúis le hamhras réasúnach, in aigne daoine aonair, maidir le neamhspleáchas chomhaltaí an fhoirmithe ar tugadh na himeachtaí os a gcomhair.

84. Foráiltear freisin leis an Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha gurb ann do bhreitheamh na gclárúchán, agus tá sainmhíniú ar a chuspóir i dteideal na feidhme, eadhon faireachán agus anailís a dhéanamh ar chásdlí. Is léir ó Airteagal 177(3) de Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna go ndéantar cásanna a tharchur chuig an tseirbhís dheireanach sin, sula seoltar cinntí ó oifig na cúirte, agus ghlac an tAire Gnóthaí Breithiúnacha an rialachán cur chun feidhme don dlí sin faoin gcumhacht a thugtar dó le hAirteagal 76 den dlí sin [63]. Mar sin féin, níl an sainmhíniú beacht ar chineál na feidhme sin leagtha amach sa dlí sin ná sa rialachán sin, go háirithe maidir leis an gcumhacht chun clárú cinnidh ó phainéal breithiúnach a chur ar fionraí. Eascraíonn an chumhacht sin as cleachtas breithiúnach nó, de réir Rialtas na Cróite, tá a bhunús téacsúil aige i mbeart breithiúnach inmheánach don chúirt.

85. Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú gurb é ról an bhreithimh clárúcháin faireachán a dhéanamh ar chásdlí agus cásanna comhchosúla a shainaithint chun a áirithiú go ndéileálfar leis na cásanna sin ar bhealach comhsheasmhach agus, i gcás nach amhlaidh an cás, gurb é a ghníomhaíocht chríochnaitheach fógra a thabhairt, díreach mar bheart riaracháin bhreithiúnaigh, d'uachtarán rannóg na mbreithiúna ionas gur féidir cruinniú a thionól agus seasamh dlí ceangailteach a ghlacadh tar éis plé agus vóta tromlaigh. Go loighciúil, le linn na tréimhse is gá chun an post sin a ghlacadh, cuirtear an próiseas cinnteoireachta ar fionraí.

[60] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798, mír 125, ag lua breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Ástráðsson* v *an Íoslainn*, CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, míreanna 227 agus 232).

[61] Breithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson v an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 71).

[62] Féach, de réir analaí, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 171.

[63] Mír 11 de bharúlacha Rialtas na Cróite.

86. Thairis sin, ní mór feidhm an bhreithimh clárúcháin a fheiceáil i gcomhthéacs na gcúiseanna le cruinniú rannóige a thionól, i gcomhréir le hAirteagal 40(1) den Dlí maidir le comhlachtaí breithiúnacha, maidir le difríochtaí léirmhínithe a bheith ann idir rannóga, dlísheomraí nó breithiúna maidir le ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí nó i gcás ina n-imíonn dlísheomra nó breitheamh rannóige ón seasamh dlíthiúil a glacadh roimhe sin. Rannchuidíonn idirghabháil an bhreithimh clárúcháin le comhleanúnachas agus éifeachtacht sásra chun a áirithiú go bhfuil cásdlí na cúirte lena mbaineann comhsheasmhach.

87. Sna himthosca sin, níl idirghabháil shonrach bhreithimh na gclárúchán sa phróiseas cinnteoireachta inchomparáide ó thaobh raon feidhme de le raon feidhme na rannóige a mhéid a bhaineann le hábhar an bhirt bhreithiúnaigh lena gcuirtear deireadh leis an díospóid agus, murab ionann agus an rannóg sin, is cosúil go dtagaim lasmuigh den cheanglas atá sa téarma "arna bhunú le dlí" [64].

### *3. Conclúid eatramhach*

88. Ar na cúiseanna sin roimhe seo, measaim nach mór Airteagal 19(1) CAE a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar shásra atá ceaptha chun comhsheasmhacht cásdlí cúirte a áirithiú, amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil an chonclúid sin dom a bheith bunaithe go maith i bhfianaise an dá tuairimí seo a leanas.

89. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach a chur in iúl nach gceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 2 CAE ná leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ná le haon fhoráil eile de dhlí an Aontais, samhail bhunreachtúil ar leith a ghlacadh lena rialófar an caidreamh agus an idirghníomhaíocht idir brainsí éagsúla an Stáit, go háirithe maidir le sainiú agus teorannú a n-inniúlachtaí, nó samhail institiúideach a bhaineann le heagrú an cheartais [65]. Tagann an cinneadh sin, lena n-áirítear le linn chéim an phlé sna himeachtaí, faoi inniúlacht na mBallstát, a bhfuil rogha áirithe acu maidir le prionsabail an smachta reachta a chur chun feidhme [66], a bhaineann le ceanglais na deimhneachta dlíthiúla a thabhairt le chéile, mar a chuirtear i bhfeidhm maidir le cúirteanna dara céime agus neamhspleáchas na gcúirteanna sin. Mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta Bobek, féachann cásdlí na Cúirte leis na ceanglais íosta nach mór do chórais náisiúnta a chomhlíonadh a shainaithint [67].

90. Ó thaobh na Cúirte Breithiúnais de, tá sé ráite ag ECtHR, i dtíortha dlí códaithe, nach féidir eagrú an chórais bhreithiúnaigh a fhágáil faoi rogha na n-údarás breithiúnach, rud nach gcuireann as an áireamh, áfach, cumhacht áirithe a thabhairt dóibh an reachtaíocht náisiúnta

[64] Is díol spéise é a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt, i mbreithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232), nach sárú ar phrionsabal an bhreithimh dhleathaigh é neamhdhleathacht a dhéanann difear don nós imeachta chun breitheamh a cheapadh, atá comhionann leis an gceanglas nach mór cúirt nó binse a bhunú le dlí, a mhéid nach ionann an neamhdhleathacht sin agus sárú ar na rialacha bunúsacha a bhaineann leis an nós imeachta sin. Mar údar amháin, chuir an Chúirt teorainn le raon feidhme an cheanglais thuasluaite (féach D. Dero-Bugny, "Le principe du juge légal en droit de l'Union européenne", Journal du droit européen, lch. 154, 2022).

[65] Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht breithiúnas de chúirt bhunreachtúil)* (C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 38 agus 43).

[66] Breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (*Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna*) (C-204/21, EU:C:2023:442).

[67] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek in *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus páirtithe eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus EU:C:2020:746, mír 230).

ábhartha a léiriú. Thairis sin, tá tarmligean na gcumhachtaí in ábhair a bhaineann le heagraíocht bhreithiúnach inghlactha a mhéid a thagann an fhéidearthacht sin faoi chuimsiú dhlí náisiúnta an Stáit atá i gceist, lena n-áirítear forálacha ábhartha a Bhunreachta [68].

91. Ar an dara dul síos, is léir ó chásdlí ECtHR nach dtugann ceanglais na deimhneachta dlíthiúla agus cosaint ionchais dhlisteanacha an phobail ceart chun comhsheasmhacht cásdlí a fháil. Níl forbairt cásdlí, ann féin, in aghaidh riaradh cuí an cheartais ós rud é go mbeadh an baol ann go gcuirfí bac ar athchóiriú nó ar fheabhsú mura gcoinneofaí cur chuige dinimiciúil agus sainiúil [69]. Sa chás seo, is cosúil go mbaineann an sásra atá i gceist cothromaíocht réasúnta iomchuí amach idir na ceanglais sin agus an gá atá leis an dlí a chur in oiriúint d'athruithe sóisialta trí dhul chun cinn breithiúnach. Ba cheart a mheabhrú nach bhfuil na seasaimh dhlíthiúla a glacadh ag cruinniú bhreithiúna na gcúirteanna dara céime ina gceangal ar na cúirteanna céadchéime, go bhféadfadh siad a bheith ar neamhréir leis an gcur chuige a ghlac breitheamh na gclárúchán agus nach gcuireann siad cosc ar an gcúirt uachtarach ar bhealach ar bith a ról rialála a chomhlíonadh i gcur i bhfeidhm an dlí náisiúnta, más gá, trí chinneadh na cúirte dara céime a tharchuirtear chuici a chur ar ceal agus an cásdlí a aisiompú ag an am céanna.

## V. Conclúid

92. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt go bhfuil na hiarrataí ar réamhrialú a rinne Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chúirt Achomhairc Tráchtála, an Chróit) inghlactha, molaim go bhfreagróidh an Chúirt na ceisteanna a chuirfidh an chúirt sin faoina bráid mar seo a leanas:

An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

nach gcuirtear cosc leis ar rialacha agus cleachtais náisiúnta a fhorálann, ag céim phlé na n-imeachtaí cúirte ag an dara céim maidir le díospóid a bhí ina ábhar do chinneadh ón bpainéal breithiúnach ar tugadh na himeachtaí os a comhair:

– tarchur chuig foirmíocht mhéadaithe ag uachtarán na cúirte nó ag uachtarán rannóige speisialaithe, i bhfianaise an chinnidh sin agus i gcás ina mbaintear an bonn de chomhchuibheas chásdlí na cúirte, nó ina bhfuil an bonn á bhaint de chomhsheasmhacht chásdlí na cúirte, chun go nglacfar, trí vóta tromlaigh, comhsheasamh maidir le léiriú ginearálta agus achomair na rialach dlí is infheidhme, roimh ábhar díospóireachta idir na páirtithe, nach mór don fhoirmiú ar tugadh imeachtaí os a comhair i dtosach a chur san áireamh chun an díospóid maidir leis an tsubstaint a réiteach;

– breitheamh atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chásdlí na cúirte a chur ar an eolas faoi uachtarán na cúirte nó faoi uachtarán rannáin speisialaithe, i gcás ina bhféadfadh sé go mbainfí an bonn de chomhsheasmhacht an chásdlí sin nó go bhfuil an bonn á bhaint de chomhsheasmhacht an chásdlí sin toisc gur choimeád an foirmiú a tugadh os a chomhair a cinneadh bunaidh agus, go dtí go nglacfar an seasamh dlí thuasluaite, go gcuirfear cinneadh an

[68] ECtHR, 28 Aibreán 2009, *Savino agus páirtithe eile* v *an Iodáil* (CE:ECHR:2009:0428JUD001721405, mír 94) a luaitear in *an Coimisiún* v *an Pholainn*, mír 168.

[69] ECtHR, 18 Nollaig 2008, *Unédic* v *an Fhrainc* (CE:ECHR:2008:1218JUD002015304, mír 74), 29 Samhain 2016, *Paróiste Caitliceach Gréagach Lupeni agus páirtithe eile* v *an Rómáin* (CE:ECHR:2016:1129JUD007694311, mír 116), agus 20 Deireadh Fómhair 2011, *Nejdet Sahin agus Perihan Sahin* (CE:ECHR:2011:1020JUD001327905, mír 58).

fhoirmithe sin lena rialaítear an díospóid ar fionraí agus go dtabharfar fógra do na páirtithe ina leith.